

**An Bhruiséil, 12 Nollaig 2024  
(OR. en)**

**16448/24**

**COSI 227  
ENFOPOL 502  
IXIM 257  
CATS 122  
COPEN 534  
CYBER 357  
DATAPROTECT 354  
TELECOM 381  
JAI 1802**

#### **TORADH NA nIMEACHTAÍ**

|                               |                                                                                                                                                         |
|-------------------------------|---------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| ó:                            | Ardrúnaíocht na Comhairle                                                                                                                               |
| An:                           | 12 Nollaig 2024                                                                                                                                         |
| chuig:                        | na toscaireachtaí                                                                                                                                       |
| Uimh. an doic.<br>roimhe seo: | 16263/24                                                                                                                                                |
| Ábhar:                        | Conclúidí ón gComhairle maidir le rochtain ar shonraí le haghaidh<br>fhorfheidhmiú éifeachtach an dlí<br>– Conclúidí ón gComhairle (an 12 Nollaig 2024) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san iarscríbhinn a ghabhann leis seo na Conclúidí ón gComhairle maidir le rochtain ar shonraí le haghaidh fhorfheidhmiú éifeachtach an dlí, a d'fhormheas an Chomhairle (Ceartas agus Gnóthaí Baile) ag an 4068ú cruinniú a bhí aici an 12 Nollaig 2024.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le rochtain ar shonraí le haghaidh fhorfheidhmiú éifeachtach an dlí**

1. I mí an Mheithimh 2023, d'fhorghuinigh an Chomhairle bunú an ghrúpa ardleibhéil maidir le rochtain ar shonraí le haghaidh fhorfheidhmiú éifeachtach an dlí, grúpa atá comhdhéanta d'ionadaithe ó na Ballstáit, ón gCoimisiún, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais, agus Comhordaitheoir Frithsceimhlitheoireachta an Aontais Eorpaigh.
2. Tugann an Chomhairle dá haire gur scrúdaigh an grúpa ardleibhéil, a seoladh faoi Uachtaránacht na Sualainne agus a thug Uachtaránachtaí na Spáinne, na Beilge agus na hUngáire chun cinn, agus a bhfuil an Coimisiún agus Uachtaránacht rothlach Chomhairle an Aontais Eorpaigh ina gcomhchathaoirligh air, na dúshláin a bhíonn roimh chleachtóirí forfheidhmithe dlí san Aontas ina gcuid oibre laethúla maidir le rochtain ar shonraí<sup>1</sup>, agus gur shainaithin sé moltaí chun iad a shárú, d'fhonn a áirithiú go mbeidh uirlisí éifeachtacha forfheidhmithe dlí ar fáil chun an choireacht a chomhrac agus chun an tslándáil phoiblí a fheabhsú sa ré dhigiteach, agus cásdlí ábhartha Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh á chur san áireamh agus lánurraim á tabhairt do chearta bunúsacha.
3. Bhí seisiún tuairimíochta ag an gComhairle maidir leis na moltaí ón ngrúpa ardleibhéil i mí an Mheithimh 2024, chuir sí in iúl gur dhíol sásaimh i gcoitinne di rannchuidiú luachmhar shaineolaithe an ghrúpa ardleibhéil<sup>2</sup>, leag sí béim ar an ngá le dul ar aghaidh go gasta leis an obair i ndáil le rochtain ar shonraí le haghaidh fhorfheidhmiú éifeachtach an dlí agus chuir sí i dtreis an gá atá le treochlár chun na moltaí a chur chun feidhme<sup>3</sup>.

---

<sup>1</sup> Bhí an doiciméad dar teideal *Law Enforcement – Operational Needs for Lawful Access to Communications (LEON)* (6050/23) [Forfheidhmiú an Dlí – Riachtanais Oibríochtúla le haghaidh Rochtain Dhleathach ar Chumarsáid (ROFD)] – ina leagtar amach liosta cuimsitheach de riachtanais oibríochtúla na n-údarás forfheidhmithe dlí maidir le líonraí agus seirbhísí cumarsáide – in úsáid ag an ngrúpa ardleibhéil mar phointe tagartha.

<sup>2</sup> Bhí grúpaí saineolaithe an ghrúpa ardleibhéil a thacaíonn le seisiún iomlánach an ghrúpa ardleibhéil comhdhéanta de 43 shaineolaí ó údaráis forfheidhmithe dlí nó Aireachtaí Gnóthaí Baile, 5 shaineolaí ó Aireachtaí Dlí agus Cirt, 2 shaineolaí ó Aireachtaí Gnóthaí Digiteacha, 3 ionadaí ón saol acadúil, saineolaí cibearshlándála amháin, agus ionadaithe ó 7 gcomhlacht nó ngníomhaireacht de chuid an Aontais (an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí, Comhordaitheoir Frithsceimhlitheoireachta an Aontais, CEPOL, Eurojust, Europol, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha). Thairis sin, bhí an deis ag roinnt páirtithe leasmhara ón saol acadúil agus ón tsochaí shibhialta cur le hobair an ghrúpa ardleibhéil tráth an chruinnithe comhairliúcháin phoiblí an 20 Feabhra 2024 agus trí ionchur i scríbhinn a sholáthar.

<sup>3</sup> déantar achoimre in 11281/24 ar sheisiún tuairimí na n-earraí gnóthaí baile i mí an Mheithimh 2024.

4. Tugann an Chomhairle dá haire gur chuir an grúpa ardleibhéil bailchríoch ar a chuid oibre ag an gcruinniú iomlánach an 15 Samhain 2024 le tuarascáil chríochnaitheach<sup>4</sup> inar cuireadh tuairimí, ionchais agus éilimh na saineolaithe in iúl.
5. Iarrann an Chomhairle ar institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus ar na Ballstáit rannchuidiú luachmhar an ghrúpa ardleibhéil a mheas agus gníomhaíochtaí nithiúla á bhforbairt agus á gcur chun feidhme acu, agus feasacht a mhúscailt agus tacaíocht a bhailiú i measc páirtithe leasmhara agus an phobail chun rochtain éifeachtach dhleathach ar shonraí a áirithiú d'údaráis bhreithiúnacha agus d'údaráis forfheidhmithe dlí.
6. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún, ar na Ballstáit agus ar na páirtithe leasmhara uile, lena n-áirítear Comhordaitheoir Frithsceimhlitheoireachta an Aontais agus gníomhaireachtaí ábhartha CGB, trí mheán cumarsáid choitinn, tacú leis an míniúchán ar riachtanais sheirbhísí fhorfheidhmiú an dlí a oibríonn laistigh de chreataí dlíthiúla chun an tsochaí a chosaint, soláthraithe seirbhíse a spreagadh chun obair i gcomhar le húdaráis phoiblí, agus rannchuidiú go cuiditheach leis an bplé poiblí.
7. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún treochlár a chur i láthair faoin dara ráithe de 2025 chun bearta ábhartha a chur chun feidhme, lena n-áirítear reachtaíocht más gá mar thoradh ar mheasúnú tionchair críochnúil cuimsitheach, chun rochtain dhlíthiúil éifeachtach a áirithiú ar shonraí le haghaidh fhorfheidhmiú an dlí, nach mór aghaidh a thabhairt orthu mar ábhar práinne, agus gan cur isteach ar an tslándáil náisiúnta ag an am céanna.
8. Tuigeann an Chomhairle gur doiciméad cuimsitheach é an treochlár sin a bheidh bunaithe ar obair an ghrúpa ardleibhéil agus ar a mholtaí, ina mbeidh tráthchlár beacht do gach beart agus treo i dtaobh na slí atá beartaithe chun iad a chur chun feidhme, lena n-áirítear anailís ar na hacmhainní iomchuí is gá.
9. Cuireann an Chomhairle de chúram ar an mBuainchoiste um an gcomhar oibríochtúil sa tslándáil inmheánach (COSI), i gcomhar leis an gCoiste Comhordúcháin i réimse an chomhair póilíneachta agus bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla (CATS), cur chun feidhme an treochláir sin atá beartaithe a d'ullmhaigh an Coimisiún a chomhordú, a phlé agus faireachán a dhéanamh air.

---

<sup>4</sup> 15941/24.